9.0 Cumas agus Acmhainní Inmheánacha

Ní mór béim a leagan ar an bhfíric go bhfuil teacht ar acmhainní, go háirithe acmhainní airgeadais agus daonna, bunúsach do bhaint amach na spriocanna a chuirtear chun cinn sa phlean seo.

Tá Comhairle Contae Luimnigh mórálach as a foireann agus aithníonn sí gurb iad an acmhainn is tábhachtaí aici.

Ainneoin tiomantacht agus díograis na foirne, ní dóichí rud ná go gcuirfidh breis gníomhaíochta agus nuafhreagrachtaí de dhroim athruithe polasaí agus reachtaíochta isteach a bheag nó a mhór ar sheachadadh seirbhíse, mura gcuirtear na hacmahinní riachtanacha breise ar fáil.

Aithníonn Comhairle Contae Luimnigh an chabhair mhór atá tugtha ag a Seirbhísí Tacaíochta Inmheánacha maidir le baint amach a Cuspóirí agus a Straitéisí Corparáideacha. Is cuí chomh maith go nglacfadh na ranna sin le cur chuige straitéiseach dá gcuid gníomhaíochta le saolré an Phlean agus chuige tá foireann de chuspóirí ardleibhéal agus straitéisí tacaíochta dóibh leagtha amach agus tabharfar feidhm dóibh ina dturas leis na Pleananna Bliantúla Oibriúcháin.

9.1 Acmhainní Daonna

OLLCHUSPÓIR

Chun ár gComhairleoirí agus ár bhfostaithe a chumasú agus a ghríosadh agus le tacaíocht a thabhairt dóibh feidhmiú, cabhrú agus forbairt ina lánacmhainn.

Straitéisí Tacaíochta:

AD1: Leanúint ar chur chuige réamhphleanála maidir le hearcaíocht agus roghnú fostaithe.

AD2: Deiseanna oiriúnacha oiliúna agus forbartha a sholáthar do Chomhairleoirí agus do fhostaithe ar bhonn tosaíochta.

AD3: Leanúint de fhorbairt, cur chun cinn agus feidhmiúchán ar thionscnaimh oiriúnacha leasa, tacaíochta, cláir réamhscoir agus aitheantais agus tionscnaimh Sláinte agus Slándála do fhostaithe.

AD4: Leanúint de dhaoine a spreagadh le freagracht a ghlacadh ar gach aon leibhéal trí údarás a thiomnadh.

AD5: A dheimhniú go n-úsáidtear prionsabail na páirtnéireachta sa láthair oibre in obair laethúil na heagraíochta

AD6: Leanúint de bheith ag tabhairt isteach polasaithe agus próisis lena dheimhniú go ndéantar feastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta agus go gcaitear leis na fostaithe uile ar bhealach cóir cothrom ag teacht le prionsabail an chomhionannais agus na cothroime.

AD6: Dínit sa láthair oibre a chinntiú do na Comhairleoirí agus na fostaithe uile.

9.0

9.2 Córais Eolais

OLLCHUSPÓIR

Infrastruchtúr de chórais Eolais agus Cumarsáide iontaofa a chur chun cinn agus a chothabháil a chabhróidh le bainistíocht agus oibriúchán Chomhairle Contae Luimnigh.

Straitéisí Tacaíochta:

CE1: Timpeallacht ríomh-Rialtais a chothú le seirbhísí/heolas a sholáthar ag tráthanna agus in áiteanna lárnaithe ar an gcustaiméir agus le seirbhísí ar-líne a sheachadadh leis an gcathróir a aclú ar bheartais a chríochnú go leictreonach.

CE2: Na teicneolaíochtaí is nua-aoisí a úsáid chun críche gnó na Comhairle Contae le háisiú a dhéanamh ar na hearnála agus na húsáideoirí eile agus lena gcuspóirí/straitéisí a bhaint amach.

CE3: Feabhas a chur ar ár gcumas freagairt go tapaidh oiriúnach do dheiseanna, bagairtí, agus athruithe reachtaíochta mar a éiríonn siad.

CE4: Timpeallacht buanfhoghlama a chothú don fhoireann T.E., agus creidiúintí seachtracha a bhaint amach mar a oireann.

9.3 Airgeadas

OLLCHUSPÓIR

Eolas tráthúil cruinn airgeadais a sholáthar mar chúnamh do chinnte eolasacha a dhéanamh.

Straitéisí Tacaíochta:

A1: Feidhmiú a dhéanamh ar ghéilleadh do chaighdeáin agus chóid chleachtais cuntasaíochta agus feasacht a mhéadú ar fud na heagraíochta maidir leis an mbogadh i dtreo na cuntasaíochta fabhrúil.

A2: Measúnú airgeadais a dhéanamh ar chláir oibre uile an údaráis áitiúil i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid.

A3: Cultúr de bhainistíocht airgeadais agus luach ar airgid a chothú.

A4: An t-uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais i bpáirtíocht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Bord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil agus Mentec (soláthróirí an chórais bainistíochta airgeadais).

A5: Forleathnú a spreagadh agus a dhéanamh ar úsáid Tuairisciú Bainisteoireachta mar áis le cinnte níos fearr a dhéanamh.

A6: Uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don Chomhairle.

A7: Buiséadú tiomnaithe do réimsí feidhmiúcháin uile na Comhairle a chur chun cinn.

A8: Bainistiú agus spreagadh a dhéanamh ar an aistriú go dtí ríomh-ghnó.

9.0

9.4 Seirbhísí Corparáideacha

OLLCHUSPÓIR

Tacaíocht a thabhairt do ról daonlathach na Comhairle agus forbairt, comhordú agus cur chun cinn a dhéanamh ar chultúr corparáideach agus éatas gnó laistigh den eagraíocht.

Straitéisí Tacaíochta:

SC1: Riarachán agus tacaíocht Cruinnithe a sholáthar don Chomhairle, dá Foireann Bainistíochta, don Ghrúpa um Polasaí Corparáideach agus do na Coistí ábharacha.

SC2: Comhordú, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmiúchán an phróisis um pleanáil straitéiseach don eagraíocht.

SC3: Straitéisí a fhorbairt agus a fheidhmiú le cumarsáid seachtrach agus inmheánach a chur chun cinn.

SC4: Bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar an gCeanncheathrú Corparáideach ar bhealach a oireann dá úsáideoirí uile.

SC5: Tabhairt faoi phleanáil agus seachadadh gréasán nua-aoiseach oifigí ar mhaithe le fostaithe agus custaiméirí.

SC6: Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeacht na gcóras inmheánach rialaithe mar sheirbhís don Bhainisteoireacht. service to Management.

SC7: Forbairt agus comhordú a dhéanamh ar straitéis chorparáideach le seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge.

SC8: Forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar fhócas corparáideach ar fheidhmiúchán agus éifeacht i seachadadh seirbhíse ag teacht le súil na gcustaiméirí.

SC9: Seirbhís éifeachtach a sholáthar don phobal i réimsí na nDeontas Ardoideachais agus Cearta Vótála i.e. Cur le chéile Clár na dToghthóirí agus áisiú a dhéanamh ar Thoghcháin Áitiúla.